www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Centre Number

Candidate Number

General Certificate of Secondary Education
2017

# Irish

Unit 4: Reading
Higher Tier

MV18

**[GIR42]**

**THURSDAY 18 MAY, AFTERNOON**

## Time

50 minutes, plus your additional time allowance.

## Instructions to Candidates

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
**You must answer the questions in the spaces provided.**
Complete in black ink only.
Answer **all nine** questions.

## Information for Candidates

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed at the end of each question indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.

www.xtrapapers.com

Answer **all** questions

**1** Léigh an ríomhphost agus freagair na ceisteanna.

| | |
|---|---|
| Ó: | orlanineill@yahoo.com |
| Chuig: | liamogallchoir@hotmail.com |
| Curtha: | 15:15 |
| Dáta: | An Aoine 16/04/17 |

A Liam,

Seo mé i nGaillimh! Tháinig mé anseo inné. Thaitin an turas go Gaillimh liom.

Tá mé ag stopadh le mo thuismitheoirí agus le mo dheirfiúr, Síofra, in óstán beag. Níl an seomra deas agus tá an bia go dona.

Beidh an cheolchoirm ann inniu. Ní thig liom fanacht. Fuair mé an ticéad ó mo mhamaí do mo bhreithlá.

Beidh mé ar ais Dé Domhnaigh.

Slán go fóill.

Órla

www.xtrapapers.com

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(a)** Cad é mar a bhí an turas?

**(i)** Bhí an turas leadránach. ☐

**(ii)** Bhí an turas millteanach. ☐

**(iii)** Bhí an turas sultmhar. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(b)** Cad é mar atá an lóistín?

**(i)** Tá an lóistín go maith. ☐

**(ii)** Tá an lóistín go measartha. ☐

**(iii)** Tá an lóistín go holc. ☐

www.xtrapapers.com

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(c)** Cá huair a bheidh an cheolchoirm ann?

**(i)** Beidh an cheolchoirm ann Dé hAoine. ☐

**(ii)** Beidh an cheolchoirm ann Dé Sathairn. ☐

**(iii)** Beidh an cheolchoirm ann Dé Domhnaigh. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(d)** Cad é mar a fuair Órla an ticéad?

**(i)** Thug tuismitheoir Órla an ticéad di. ☐

**(ii)** Cheannaigh Órla an ticéad. ☐

**(iii)** Bhain Órla an ticéad. ☐

www.xtrapapers.com

BLANK PAGE

(Questions continue overleaf)

www.xtrapapers.com

**2** Léigh an fógra thíos agus críochnaigh na habairtí.

## Cuidigh liom!

**Tá mo chuid nótaí GCSE uilig caillte agam.**

**Bhí mé ag imirt peile i ndiaidh na scoile Dé Máirt agus d'fhág mé mo mhála scoile i seomra na gcótaí.**

**Má fheiceann tú mo mhála is féidir é a fhágáil san oifig nó scairt a chur ormsa ag 028 9514 4939.**


– Liam Mac Murchaidh

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(a)** Chaill Liam . . .

**(i)**  ☐


**(ii)**  ☐


**(iii)**  ☐

www.xtrapapers.com

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(b)** Bhí Liam ag . . .

**(i)**



**(ii)**



**(iii)**


Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(c)** D'fhág Liam a mhála scoile i . . .

**(i)**



**(ii)**



**(iii)**


Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(d)** Is féidir an mála scoile a fhágáil san . . .

**(i)**


**(ii)**


**(iii)**


www.xtrapapers.com

**3** Léigh an t-eolas agus líon isteach na bearnaí.

**Dia duit . . .**
Is mise Ciara. Tá mé sé bliana déag d'aois. Is maith liom bheith ag cuidiú le daoine eile. Tugaim aire do mo sheanmháthair. Déanaim an tsiopadóireacht agus glanaim an teach di. Is maith liom cuidiú léi sa ghairdín. Tugann sí airgead póca dom. Beidh sí ceithre scór bliain d'aois ar an bhliain seo chugainn.



www.xtrapapers.com

Scríobh an litir cheart i ngach bosca thíos. [4 marks]

| | | |
|---|---|---|
| **A** cineálta | **D** salach | **G** falsa |
| **B** scoil | **E** seachtó | **H** glan |
| **C** airgead | **F** ochtó | **I** bia |

Is duine iontach **(i)** ☐ í Ciara. Cuidíonn sí lena seanmháthair an teach a choinneáil **(ii)** ☐ . Faigheann Ciara **(iii)** ☐ óna seanmháthair. Beidh seanmháthair Chiara **(iv)** ☐ bliain d'aois i 2018.

www.xtrapapers.com

**4** Léigh an fógra thíos.

# Turas Gaeltachta

********

## Scoláirí i mBliain 11 amháin
## £175 an duine

- Cúrsa deireadh seachtaine (Aoine go Domhnach)
- Ag stopadh cois farraige i Machaire Rabhartaigh
- Bricfeasta, lón agus tae sa phraghas
- Ranganna Gaeilge gach maidin
- Peil, leadóg, ficheall agus snámh gach tráthnóna
- Imeachtaí cultúrtha san oíche (céilí agus ceolchoirm)
- Turas lae go Leitir Ceanainn

**Rialacha**

- Níl cead Béarla a labhairt le linn an chúrsa
- Níl cead guthán póca a úsáid sa choláiste

**Bus ag imeacht ón scoil Dé hAoine**
**15 Feabhra ar 9.00 a.m.**

**Le d'áit a chur in áirithe tabhair £50 don mhúinteoir Gaeilge roimh an Nollaig.**
**(Tabhair an chuid eile den airgead roimh 1 Feabhra)**

www.xtrapapers.com

Cuir tic (✓) le **ceithre** abairt atá fíor. [4 marks]

**(a)** Tá an cúrsa seo ar fáil do scoláirí i mBliain 11 agus i mBliain 12. ☐

**(b)** Is cúrsa trí lá é an cúrsa seo. ☐

**(c)** Beidh ranganna Gaeilge ar siúl i rith an lae ar fad. ☐

**(d)** Beidh spórt agus cluichí ar fáil ar an chúrsa. ☐

**(e)** Ní fhágfaidh na scoláirí Machaire Rabhartaigh le linn an chúrsa. ☐

**(f)** Imeoidh an bus ón scoil roimh am lóin. ☐

**(g)** Beidh fáilte roimh Bhéarla ar an chúrsa. ☐

**(h)** Tá cosc ar ghutháin phóca sa rang. ☐

**(i)** Tá caoga punt mar tháille iomlán ar an turas. ☐

www.xtrapapers.com

**5** Léigh an nóta seo. [4 marks]

A Mháire dhil,

Tá mé ar shiúl chuig an ospidéal le cuairt a thabhairt ar d'aintín. Ghortaigh sí í féin ar maidin nuair a thit sí sa teach ach níl sí go dona. Rinne mé réidh sailéad don tae agus d'fhág mé sa chuisneoir é ach rinne mé dearmad trátaí a cheannach. Gabh chuig an siopa agus ceannaigh iad (agus arán don bhricfeasta ar maidin). Tá deich bpunt ar an tábla. Ná déan dearmad bia a thabhairt don mhadadh. Ní bheidh mé sa bhaile roimh an mheán oíche.

Mamaí xx

Cuir tic (✓) **le ceithre** abairt atá fíor.

**(a)** Tá Máire ar shiúl chuig an ospidéal. ☐

**(b)** Tá mamaí Mháire tinn san ospidéal. ☐

**(c)** Tá aintín Mháire gortaithe san ospidéal. ☐

**(d)** D'ullmhaigh mamaí Mháire an tae. ☐

**(e)** Cheannaigh mamaí Mháire trátaí don tae. ☐

**(f)** Tá bia don bhricfeasta de dhíth fosta. ☐

www.xtrapapers.com

**(g)** D'fhág mamaí Mháire airgead ar an tábla. ☐

**(h)** Beidh mamaí Mháire ar ais ar a deich a chlog. ☐

**(i)** D'ith an madadh an dinnéar. ☐

www.xtrapapers.com

**6** Léigh an litir thíos.

A Mháire, a thaisce,

Go raibh maith agat as an chárta agus as an bhronntanas. Tá mé níos fearr inniu ach tá mo chos nimhneach go fóill. Thit mé nuair a bhí mé ag cur suas cuirtíní úra sa tseomra leapa. Ní bheidh mé ábalta siúl go ceann cúpla mí eile agus, ar an drochuair, ní bheidh mé ábalta dul go dtí mo theach sa Spáinn anois. Ar mhaith leat dul i m'áit? Beidh tú ag taisteal i mí Iúil agus ní bheidh costas ar bith air.

Tá Barcelona galánta ag an am seo den bhliain. Bhí mé ann anuraidh agus bhí sé iontach te.

Abair le do mhamaí go bhfuil mo spéaclaí de dhíth orm anseo san ospidéal. Níl mé ábalta léamh ná amharc ar an teilifís gan iad!

Tar ar cuairt ag an deireadh seachtaine. Ag dúil le tú a fheiceáil.

**– Aintín Síle**

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(a) (i)** Ghortaigh Aintín Síle a lámh. ☐

**(ii)** Ghortaigh Aintín Síle a droim. ☐

**(iii)** Ghortaigh Aintín Síle a cos. ☐

www.xtrapapers.com

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(b) (i)** Beidh Aintín Síle sa Spáinn i mí Iúil. ☐

**(ii)** Tá teach saoire ag Aintín Síle sa Spáinn. ☐

**(iii)** Ní raibh Aintín Síle sa Spáinn ariamh. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(c) (i)** Bíonn an aimsir go deas in Barcelona i mí Iúil. ☐

**(ii)** Bíonn an aimsir go measartha in Barcelona i mí Iúil. ☐

**(iii)** Bíonn an aimsir go holc in Barcelona i mí Iúil. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca cheart. [1 mark]

**(d) (i)** Tá spéaclaí ag Aintín Síle san ospidéal. ☐

**(ii)** Rinne Aintín Síle dearmad ar a spéaclaí. ☐

**(iii)** Ní chaitheann Aintín Síle spéaclaí. ☐

www.xtrapapers.com

7 Read the email from Máire.

| | |
|---|---|
| Ó: | maire_16@hotmail.com |
| Chuig: | lara_123@gmail.com |
| Curtha: | 12:35 |
| Dáta: | 05/07/17 |
| Ábhar: | Plean don samhradh! |

A Lára, a chara,

Beidh mise ag dul go teach m'aintín in Barcelona mar ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid Spáinnise an samhradh seo. Ar mhaith leat teacht liom? Beidh an lóistín saor in aisce.

Beidh mé ag imeacht ar an lá deireanach den mhí seo.

Cuir scéala ar ais chugam má thig leat teacht liom.

Do chara,

Máire

www.xtrapapers.com

Answer the following questions **in English**.

**(a)** Why is Máire keen to travel to Barcelona this summer? [2 marks]

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** How much will the accommodation cost? [1 mark]


______________________________________________

**(c)** On what date will Máire travel? [1 mark]


______________________________________________

www.xtrapapers.com

**8** Read the article below.



Tá Fleadh Cheoil na hÉireann ar an fhéile cheoil traidisiúnta is mó sa tír.



Cuireadh tús leis an fhleadh sa bhliain 1951 agus gach bliain téann na mílte duine ann le páirt a ghlacadh sna comórtais éagsúla agus le sult a bhaint as an cheol.



Bhí Fleadh Cheoil 2013 ar siúl i nDoire agus ghlac níos mó ná 430,000 duine páirt ann. Dúirt Méara Dhoire, agus é ag labhairt ar an raidió, "Is í seo an fhleadh cheoil is mó in Éirinn riamh".

Beidh an fhleadh ar siúl in Inis, Contae an Chláir i 2017.

www.xtrapapers.com

Answer the following questions **in English**.

**(a)** What happened in 1951? [1 mark]

_______________________________________________

**(b)** Why do thousands of people attend the Fleadh each year? Give **two** reasons. [2 marks]

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________

**(c)** What did the Mayor of Derry say about Fleadh Cheoil 2013? [1 mark]

_______________________________________________

www.xtrapapers.com

**9** Read the article below.

# Ar do rothar!

Tá ardú mór ar líon na ndaoine in Éirinn a bhfuil rothar acu. Sa bhliain 2010 bhí rothar ag 15**%** de dhaoine thar 18 mbliana d'aois. Anois tá rothar ag chóir a bheith 40**%** de dhaoine.



Is cuidiú mór iad scéimeanna ar nós "Rothair Bhéal Feirste" do dhaoine atá ar cuairt sa chathair, do dhaoine nach bhfuil rothar acu agus do dhaoine nach mian leo an carr a thabhairt isteach go lár na cathrach. Is féidir rothar a fháil ar cíos 365 lá sa bhliain óna sé a chlog ar maidin go dtí an meán oíche – agus ní bhíonn costas ar bith ar an chéad tríocha bomaite.

Bíonn buntáistí agus míbhuntáistí leis an rothaíocht. Deir dochtúirí go ndéanann an rothaíocht maitheas don chroí. Ar an láimh eile bíonn na bóithre iontach contúirteach mar ní thugann tiománaithe go leor airde ar rothaithe.

www.xtrapapers.com

Answer the following questions **in English**.

**(a)** According to the article, how has bike ownership changed in Ireland since 2010? [2 marks]

______________________________

______________________________

**(b)** Name **two** groups of people, mentioned in the article, who benefit from schemes like "Rothair Bhéal Feirste". [2 marks]

1. ______________________________
2. ______________________________

**(c)** Mention an advantage to health which the article claims cycling offers. [2 marks]

______________________________

______________________________

**(d)** Why, according to the article, are the roads dangerous for cyclists? [2 marks]

______________________________

______________________________

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| **Question Number** | **Marks** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |

| **Total Marks** | |
|---|---|

**Examiner Number** ____

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.